



**Comhairle Contae
Dhún na nGall**
Donegal County Council

**Innealtóir Tionscadal
Leictreach**
An Oifig um Bainistiú Bóithre, RMO

Eolas d'Iarratasóirí

Feabhra, 2025

1. Intreoir

Tugann an post seo deis do Innealtóir Tionscadal Leictreach a bheith ag obair mar Bhainisteoir Tionscadal Leictreachais in aonad nua soilsithe poiblí náisiúnta san Oifig um Bainistiú Bóithre (RMO).

Tá an tseirbhís chomhroinnte náisiúnta RMO ag soláthar tacaíochtaí do na húdaráis Áitiúla maidir le soilsiú poiblí ó 2017 agus tá sí anois ag bunú Aonad Soilsithe Poiblí tiomnaithe.

Tá breis agus 500,000 solas poiblí in Éirinn á mbainistiú ag na húdaráis áitiúla, chomh maith le níos mó ná 10,000km de cháblaí agus bonneagar leictreachais choimhdeach, a bhfuil costas níos mó ná €92m ar a bhfeidhmiú gach bliain.

Beidh an Innealtóir Tionscadal Leictreach mar bhall lárnach den aonad soilsithe poiblí, ag tacú le gach údarás áitiúil in Éirinn chun dea-chleachtas a chur i bhfeidhm maidir le bainistíocht sócmhainní ár Sócmhainne Soilsithe Poiblí

1.1 An Oifig um Bainistiú Bóithre, RMO

Is seirbhís chomhroinnte náisiúnta í an RMO a sholáthraíonn tacaíochtaí, lena n-áirítear treoirlínte oiliúna agus teicneolaíocht, do na 31 údarás áitiúil in Éirinn. Feidhmíonn Comhairle Contae Dhún na nGall an RMO i gcomhar le Comhairle Contae Chorcaí.

Oibríonn an RMO i réimse bainistíocht sócmhainní bóithre (lena n-áirítear soilsiú poiblí, cosáin agus droichid) agus bainistíonn sé sonraí agus próisis a bhaineann le bóithre i réimsí eile, lena n-áirítear teorainneacha luais, timpistí, draenáil agus oiriúnú aeráide.

Tá thart ar 3,000 úsáideoir gníomhach ag ár gcórais bogearraí, ar fud fónas, údarás agus, conraitheoirí. Tríothu seo, tacaímid le soláthraithe an bhonneagair náisiúnta (bóithre, teileachumarsáid, uisce agus fuinneamh) lena gcuid oibre a bhainistiú agus lenár sócmhainn bóthair a chosaintí.

1.2 An Post

Tá an Chomhairle ar lorg iarratas ó iarrthóirí a bhfuil na cáilíochtaí cuí agus taithí ábhartha acu faoi choinne post mar Innealtóir Tionscadal Leictreach (ar aon dul le hInnealtóir Feidhmiúcháin).

Ceapfar an t-iarratasóir rathúil/na hiarratasóirí san Oifig um Bainistiú Bóithre (RMO), seirbhís chomhroinnte náisiúnta, mar Innealtóir Tionscadal Leictreach.

Tá sé i gceist ag an Chomhairle painéal d'iarrthóirí cáilithe a chruthú don phost mar Innealtóir Tionscadal Leictreach óna líonfaidh sé folúntais don post de réir mar a thiocfaidh na folúntais sin chun cinn.

Beidh an Innealtóir Tionscadal Leictreach freagrach go díreach don Bhainisteoir Cláir, nó do dhuine ar bith eile a shannfaí ag Comhairle Contae Dhún na nGall ó am go chéile. Beidh an Bainisteoir Tionscadal Leictreachais freagrach as bainistíocht agus soláthar clár oibre bliantúil sa ról sannta.

2. Dualgais

2.1 Ginearálta

Beidh dualgais an oifigigh amhail an méid seo a leanas maidir leis an údarás áitiúil agus:

- (a) údarás áitiúil nó comhlacht ar bith eile ar a bhfuil an Príomhfheidhmeannach, chun críocha Achtanna Bainistíochta Cathrach agus Contae, ina Phríomhfheidhmeannach, agus
- (b) údarás áitiúil nó comhlacht ar bith eile ar thángthas ar chomhaontú leis an údarás áitiúil nó le haon cheann de na húdaráis nó comhlachtaí a luaitear i bhfomhír (a) den pharagraif seo,

faoi threoir agus maoirseacht an oifigigh ghairmiúil chúí, le seirbhísí comhairleacha, maoirseachta nó feidhmiúcháin a sholáthar de réir mar is gá d'aon údarás áitiúil nó comhlacht thuasluaite agus maidir le cur i bhfeidhm a gcuid cumhachtaí, feidhmeanna agus dualgas. Áirítear leis seo an dualgas cuidiú leis an oifigeach cuí i soláthar seirbhísí den chineál sin do na húdaráis áitiúla nó comhlachtaí thuasluaite, agus, nuair is gá, an dualgas gníomhúthar ceann oifigigh de ghrád níos airde in éagmais an oifigigh sin. Féadfar sealbhóirí poist a shannadh le bheith ag obair i ngach réimse cuí le linn a gcuid fostaíochta

2.2 Innealtóir Tionscadal Leictreach

Beidh an duine/na daoine a cheapfar ag obair mar chuid d'fhoireann faoi threoir agus maoirseacht an Innealtóra Sinsearaigh, an Innealtóra Feidhmiúcháin Sinsearaigh, nó oifigeach eile sannta ag an Stiúrthóir Bóithre nó an Príomhfheidhmeannach.

D'fhéadfadh go gcuimseodh na dualgais a bhaineann leis an phost mar Innealtóir Feidhmiúcháin Leictreachais an méid seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dó:

- Tuiscint ar chleachtas reatha soilsiú poiblí na nÚdarás Áitiúil a fhorbairt agus dea-chleachtas a fhorbairt maidir le i soilsiú poiblí.
- Réitigh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do cheisteanna stairiúla maidir le soilsiú poiblí, mar shampla talamhú, cáblaíocht, dí-chomhbhrú ar soilsiú poiblí agus ciorcaid dáilte.
- Tacaíocht a chur ar fáil d'údaráis áitiúla agus do bhaill foirne eile san RMO le caighdeáin náisiúnta, idirnáisiúnta agus tionscail ábhartha a chur i bhfeidhm le haghaidh soilsiú poiblí agus bonneagar gaolmhar.
- o Forbairt agus cur i bhfeidhm próiseas náisiúnta doiciméadaithe chun tacú le:
 - o Prionsabail Bainistíochta Sócmhainní le haghaidh Soilsiú Poiblí
 - o Éifeachtúlacht Fuinnimh Soilsithe Poiblí
 - o Cuíchóiriú an líonra soilsithe poiblí i gcomhar leis na húdaráis.
 - o Cur i bhfeidhm próiseas agus réitigh náisiúnta d'oibreacha a bhaineann le ESB.
 - o Leanúnachas idir beartas rialtais agus caighdeáin agus próisis soilsithe poiblí.
 - o Laghdú carbóin agus sábháil costais d'údaráis.
 - o Cumarsáid an údaráis áitiúil leis an phobal agus le baill tofa.
- Próisis a chórasú tríd an fhorbairt ar riachtanais bogearraí agus cuidiú i mbainistíocht tionscadail díoltóirí bogearraí.
- Tacaíocht a chur ar fáil do Bhainisteoirí Freagracha, Bainisteoirí Oibre Beo a oibríonn le Soilsiú Poiblí ar shócmhainní ESN.
- Teimpléid do chonarthaí cothabhála a fhorbairt agus tionscadail chaipitil maidir leis an soilsiú.
- Próisis leanúnacha a fhorbairt maidir le cúram a ghlacadh ar shócmhainní soilsithe poiblí nach bhfuil suiteáilte ag údaráis áitiúla, lena n-áirítear sonraíochtaí do shoilsiú poiblí suiteáilte ag forbróirí agus daoine eile.
- Tacú le húdaráis maidir le sonraí thiomsú, a bhailiú agus a anailísiú.
- Taisteal riachtanach in Éirinn chuig cruinnithe le húdaráis áitiúla agus le páirtithe leasmhara, cuairteanna ar shuímh, seisiúin oiliúna, comhdhálacha, ceardlanna réigiúnacha, srl. de réir mar is gá chun an tseirbhís a sholáthar.

Ní hionann an tsonraíocht thuas agus liosta cuimsitheach de na dualgais uile a ghabhann leis an phost, agus dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an sealbhóir poist tascanna eile a dhéanamh de réir mar is cuí don phost, de réir mar a shannfar dó/di ó am go chéile, agus cur leis an fhorbairt leanúnach ar an phost le linn dó/di a bheith in oifig.

3. Cáilíochtaí & Riachtanais an Phoist

Tá an post mar Innealtóir Tionscadal Leictreach ar aon dul le grád an Innealtóra Feidhmiúcháin. D'fhógair Aire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil go mbeidh na cáilíochtaí don phost mar Innealtóir Feidhmiúcháin mar a leagtar amach thíos

(a) Carachtar

Beidh dea-cháil ar na hIarratasóirí.

(b) Sláinte

Beidh sláinte ag iarratasóirí a thabharfadh le fios go bhfuil siad ábalta seirbhís rialta, éifeachtach a chur ar fáil.

Beidh ar iarratasóirí ar éirigh leo sa phróiseas earcaíochta dul faoi scrúdú leighis a dhéanfaidh Comhairleoir Sláinte Ceirde na Comhairle roimh cheapachán.

(c) Oideachas, Oiliúnt, Taithí, Etc.

Ní mór do gach iarratasóir na cáilíochtaí agus taithí seo a leanas a bheidh acu faoin dáta deiridh a nglacfar le foirmeacha iarratais chomhlánaithe:

- i) Céim onóracha (leibhéal 8 ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí) san Innealtóireacht.
- ii) Cúig bliana ar a laghad de thaithí innealtóireachta shásúil ábhartha a.
- iii) ardchaighdeán oiliúna agus taithí theicniúil; agus
- iv) ardchaighdeán taithí riaracháin.

(d) Scileanna Inmhianaithe

- Cáilíocht bhonnchéime nó iarchéime aitheanta san Innealtóireacht Leictreach a bheith aige/aici, atá creidiúnaithe do bhallraíocht in institiúid ghairmiúil sa tionscal leictreachais ag leibhéal cairte.
- An cumas le heolas agus/nó taithí iarchéime a léiriú i gcuid de na réimsí seo a leanas:
 - Cothabháil agus Bainistíocht Córais Leictreachais.
 - Dearadh ciorcad leictreach.
 - Comhlíonadh caighdeán a chinntiú (e.g. IS 10101).
 - Soláthar Poiblí
 - Próisis bainistíochta tionscadal agus clár, lena n-áirítear bainistíocht ar Chonarthaí Comhairleoireachta nó Seirbhísí eile le Táirgí Insoláthartha tionscadail a chinntiú in am.
 - Próisis agus nósanna imeachta gnó a fhorbairt
 - Oiliúint a chur ar an fhoireann theicniúil agus neamh-theicniúil, go pearsanta agus ar líne

- An cumas le hoibriú i dtimpeallacht chumaisc, cuspóirí agus tascanna a sholáthar le féinspreagadh agus treallús, mar chuid d'fhoireann agus go neamhspleách.

(e) Croí Inniúlachtaí

Beidh ar iarratasóirí scileanna a léiriú faoi na ceannteidil seo a leanas:

i) Ceannaireacht Foirne

- Oibríonn sé/sí leis an fhoireann le hardchaighdeán feidhmíochta a éascú, ag forbairt cuspóirí soiléire agus réadúla agus ag tabhairt aghaidh ar shaincheisteanna feidhmíochta más gá.
- Cuireann sé/sí faisnéis agus comhairle shoiléir ar fáil maidir leis na rudaí atá de dhíth ón fhoireann.
- Déanann sé/sí iarracht bealaí oibre nua a fhorbairt agus le bheith ag obair go héifeachtach chun cuspóirí a bhaint amach.
- Tugann sé/sí ceannaireacht don fhoireann le dea-shampla agus é/í ag cur oiliúna ar dhaoine agus ag tacú leo nuair is gá.
- Cuireann sé/sí an-béim ar fhorbairt foirne, oiliúint agus barr feabhais a chur ar scileanna agus cumas na foirne.
- Tá sé/sí solúbtha agus sásta oiriúnú, agus cuireann sé/sí go dearfach le cur i bhfeidhm athruithe.

ii) Breithiúnas, Anailís & Cinntí a Dhéanamh

- Bailíonn agus anailísíonn sé/sí faisnéis ó fhoinsí ábhartha, bíodh sí airgeadais, uimhriúil nó eile, agus machnamh á dheanamh aige/aici ar réimse fachtóirí criticiúla.
- Cuireann sé/sí cúrsaí níos leithne, cláir oibre, íogaireachtaí agus impleachtaí bainteacha san áireamh agus cinntí á ndéanamh aige/aici.
- Úsáideann sé/sí eolas agus taithí roimhe seo le cinntí a threorú.
- Úsáideann sé breithiúnas chun cinntí fónta a dhéanamh le réasúnaíocht mhaith agus seasann leis na cinntí sin.
- Molann sé réitigh chun dul i ngleic le fadhbanna.

iii) Bainistíocht & Torthaí a Sholáthar

- Glacann sé/sí le freagracht agus tá sé cuntasach as cuspóirí comhaontaithe a sholáthar.
- Bainistíonn sé/sí tionscadail iomadúla agus gníomhaíochtaí oibre go rathúil ag an am céanna.
- Déanann sé/sí a c(h)uid oibre féin agus obair daoine eile a struchtúru agus a eagrú go héifeachtach.
- Tá sé/sí loighciúil agus pragmatach maidir lena c(h)ur chuige, agus na torthaí is fear agus is féidir á soláthar leis na hacmhainní atá ar fáil.

- Déanann sé/sí tascanna a tharmligean go héifeachtach, ag soláthar faisnéis shoiléir á soláthar chomh maith le fianaise ar an obair atá de dhíth.
- Aimsíonn sé/sí réimsí atá le feabhsú go réamhghníomhach agus molann sé bearta praiticiúla lena gcur i bhfeidhm.
- Léiríonn sé/sí díograis maidir le forbairtí nua agus cleachtais oibre atá ag athrú agus déanann sé/sí iarracht iad a chur i bhfeidhm go héifeachtach.
- Cuireann sé/sí córais/nósanna imeachta cuí i bhfeidhm le cáilíocht gach gníomhaíochta agus toraidh a sheiceáil.
- Cleachtann agus cuireann sé/sí béim ar sheirbhís ar ardchaighdeán do chustaiméirí inmheánacha agus seachtracha.

iv) Saineolas & Féinfhorbairt

- Scileanna cumarsáide agus scileanna idirphearsanta den scoth lena n-áirítear scileanna cumarsáide scríofa agus ó bhéal.
- An cumas le sonraí a ionramháil agus a cheistiú le faisnéis úsáideach agus ríthábhachtach a fháil agus saincheistanna a réiteach ar dhóigh loighciúil.
- Scileanna maithe TFC
- Tuiscint shoiléir aige/aici ar na ról, cuspóirí agus spriocanna a bhaineann leis/léi féin agus leis an eagraíocht agus ar an dóigh a bhféireann siad d'obair an aonaid agus na heagraíochta agus cuireann sé/sí é sin in iúl go héifeachtach go dhaoine eile.
- Saineolas ag leibhéal ard agus eolas leathan aige/aici ar an Earnáil Phoiblí atá ábhartha dá réimse oibre.
- Díríonn sé aird ar fhéinfhorbairt agus iarracht á déanamh aige/aici feidhmíocht a fheabhsú.

4. Mionsonraí an Phoist

(a) Ginearálta

Tá beartaithe ag Comhairle Contae Dhún na nGall painéal d'iarraíóirí cáilithe a chruthú faoi choinne post mar Innealtóir Tionscadal Leictreach as a líonfaidh sé aon fholúntais a thiocfadh chun cinn.

(b) Promhadh

Beidh na hiarratasóirí a cheapfar ar promhadh ar feadh tréimhse ama, a shocróidh an Chomhairle. D'fhéadfadh sé go ndéanfaí an tréimhse seo a shíneadh, cinneadh a bheas faoi rogha na Comhairle.

(c) Luach Saothair

Is é seo an páscála náisiúnta bliantúil reatha: íosmhéid de €57,909 (pointe 1) go dtí uasmhéid de €80,498. (LSI 2) (de réir chiorclán EL 03/2024).

Íocfar na daoine a cheapfar ag an phointe chuí ar an scála tuarastail atá ag teacht le Ciorclán na Roinne.

Tosóidh iontrálaithe úra ag an íosphointe ar an scála.

(b) Bunáit

Socróidh an Chomhairle ar an áit a lonnófar post an Innealtóir Tionscadal Leictreach agus beidh sé seo ag brath ar an réimse áirithe agus an tseirbhís chuig a sannfar an sealbhóir poist.

D'fhéadfadh sé go mbeadh roinnt taistil i gceist le ról an Innealtóir Tionscadal Leictreach, agus go mbeadh fanacht thar oíche i gceist le roinnt turas agus clúdófar na costais bhainteacha le liúntais iomchuí.

(e) Cónaí

Beidh na daoine a cheapfar ina gcónaí sa cheantar ina mbeidh na dualgais le feidhmiú nó faoi fhad réasúnta de.

(f) Uaireanta Oibre & Saoire Bhliantúil

35 uair an chlog sa tseachtain na gnáthuaireanta oibre a bheidh ag an té a cheapfar. Beidh sé de cheart ag an Chomhairle na huaireanta oibre a athrú ó am go chéile.

Beidh liúntas saoire bhliantúla de réir chiorclán LG(P) 07/2011. Uasmhéid 30 lá do gach iarratasóir.

(g) Riachtanas Tiomána

Beidh ar Iarratasóirí:

- (a) Ceadúnas Tiomána chatagóir B iomlán a bheith acu.
- (b) A bhfeithicil féin a bheith acu lena úsáid le linn a gcuid dualgas agus is le liúntais chuí a chlúdófar na costais bhainteacha.

(h) Riachtanais Saoránachta

Ní mór d'iarratasóirí incháilithe a bheith, ar an dáta is déanaí lena nglacfar le foirmeacha iarratais comhlánaithe;(a) Ina S(h)aoránach de chuid Limistéar Eacnamaíoch na hEorpa (EEA). Cuimsíonn an EEA na Ballstáit den Aontas Eorpach, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó(b) Ina S(h)aoránach de chuid na Ríochta Aontaithe (RA); nó(c) Ina S(h)aoránach de chuid na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó(d) Ina S(h)aoránach neamh-EEA ar céile nó leanbh de shaoránach EEA, RA nó Eilvéiseach é/í agus a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici; nó(e) Ina d(h)uine ar bronnadh cosaint idirnáisiúnta air/uirthi faoin Acht Cosanta Idirnáisiúnta 2015 nó aon bhall teaghlaigh atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici; nó(f) Ina S(h)aoránach neamh-EEA ar tuismitheoir

leanaí cleithiúnaí é/í atá ina s(h)aoránach de chuid, agus ina c(h)ónaí i mBallstát de chuid an EEA nó san RA nó san Eilvéis agus a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici.

(i) Coinbhleachtaí Leasa

Ní ghabhfaidh sealbhóir an phoist d'aon slí bheatha shochrach, seachas mar fhostaí de chuid údarás áitiúil, a mhéid a dhéanfaidh dochar do chomhlíonadh a dhualgas nó a dualgas mar fhostaí d'údarás áitiúil nó d'aon slí bheatha a d'fhéadfadh a bheith ar neamhréir le leasanna an údaráis áitiúil nó a d'fhéadfadh a bheith ar neamhréir le comhlíonadh a dhualgas mar fhostaí de chuid údaráis áitiúil.

(j) Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána

Tá iarratasóirí don phost mar Innealtóir Tionscadal Leictreach faoi réir Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána. Tabhair faoi deara go gcaithfidh gach iarratasóir Nochtadh Grinnfhiosrúcháin sásúil ón Gharda Síochána a fháil roimh cheapachán, seachas sin, tarraingeofar siar an tairiscint fostaíochta.

Sa chás go léiríonn Nochtadh Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána go bhfuil cás ar feitheamh, ní fhéadfar leanúint ar aghaidh leis an cheapachán ag an am sin agus tarraingeofar siar an tairiscint fostaíochta. Coinneofar an t-iarratasóir, ar an phainéal, áfach, agus beidh sé á mheas don chéad fholúntas eile, má thagann a leithéid chun cinn le linn saolré an phainéil.

5. Próiseas Earáíochta

A. Foirm Iarratais / Application Form

- Caithfear iarratais a chur isteach ar an fhoirm iarratais oifigiúil agus caithfear gach cuid den fhoirm a chomhlánú.
- Ná cuir CV isteach le d'iarratas. Ní bhreithneofar ach ar an t-eolas ar an fhoirm iarratais, nuair a bheidh oiriúnacht iarratasóra maidir leis an phost á meas.
- Caithfear iarratais a chur isteach mar iatán r-phoist amháin i bhformáid Word nó PDF chuig vacancies@donegalcoco.ie
- Caithfidh iarratais a bheith faighte againn faoin spriocdháta mar atá luaite ar an fhoirm iarratais.
- Ní dhéanfar aon iarratais atá mall, caillte nó a bhfuil moill leo, a mheas ach amháin más féidir fianaise oifigiúil a chur ar fáil a léiríonn gur seoladh an t-iarratas laistigh den achar ama.

B. Gearrliostú

Is féidir iarratasóirí a ghearrliostú faoi choinne agallaimh ar bhonn an eolais a chuirtear ar fáil. Sa chás go mbeidh gá le beart gearrliostaithe, tionólfar Painéal saineolaithe leis na foirmeacha iarratais a scrúdú agus a mheas de

réir critéir réamhshocraithe, bunaithe ar riachtanais an phoist. Mar sin de, bheadh sé le do leas cuntas mion, beacht a thabhairt ar do cháilíochtaí agus ar do thaithí ar an fhoirm iarratais.

Má mheastar, mar gheall ar líon agus caighdeán na n-iarratas a gheofar, gur réasúnach gan gach iarratasóir a chur faoi agallamh, ní ghlaofar chun agallaimh ach daoine ar dócha go ngnóthódh siad caighdeán ar leor é chun iad a roghnú agus a mholadh faoi choinne ceapacháin.

Ná glactar leis gurb ionann duine a iontráil i gcomórtas nó cuireadh chun agallaimh a chur ar an duine sin agus a thabhairt le tuiscint go mbeadh Comhairle Contae Dhún na nGall sásta go gcomhlíonann an duine sin riachtanais an phoist.

C. Ceart ar Fhaisnéis agus Athbhreithniú - #EPM 001

Tá an Chomhairle tiomanta d'aiseolas agus faisnéis a thabhairt d'iarratasóirí. Mas mian le hiarratasóir ar bith é, is feidir leo iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú ar aon chinneadh nó at an phróiseas féin.

Caithfear a leithéid d'iarratas a chur isteach i scríbhinn, ag lua an uimhir thagartha thuas, ag cur in iúl na cúise atá leis an iarratas agus caithfear é seo a chur faoi bhráid na Rannóige Acmhainní Daonna, Ionad na dTrí Abhainn, Leifear, Co. Dhún na nGall laistigh de chúig lá oibre ón dáta ar tugadh fógra faoi chinneadh ábhartha.

D. Rúndacht

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014, is faoi rúndacht dhocht a phléifear le hiarratais.

E. Eile

Tá ceapacháin na Comhairle faoi réir seiceálacha sásúla maidir le teistiméireachtaí, cáilíochtaí, scrúduithe leighis agus Grinnscrúdú Garda, mar is cuí.

F. Cúis Dícháilithe í an Chanbhasáil

Dícháileofar iarratasóir ar an toirt ón phróiseas earcaíochta a dhéanann iarracht (nó a ndéanann duine iarracht ar a s[h]on) oifigeach de chuid na Comhairle (nó duine a ainmníonn sí le hagallamh a chur ar iarratasóirí nó iad a scrúdú) a chanbhasáil nó tionchar a imirt air/uirthi ar son an iarratasóra, go díreach nó go hindíreach, bíodh sé i bhfoirm cumarsáid scríofa nó eile.

G. An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

Tá Comhairle Contae Dhún na nGall meáite ar do chuid sonraí pearsanta a chosaint agus comhlíonaimid ár gcuid oibleagáidí faoi na hAchtanna um

Chosaint Sonraí, 1988 – 2018, agus faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

- **An Bunús ar a bPróiseáiltear do chuid Sonraí Pearsanta**

Is é an bunús ar a bpróiseáiltear do chuid sonraí pearsanta ná d'fhonn d'iarratas ar an phost dár chuir tú isteach air le Comhairle Contae Dhún na nGall a phróiseáil faoi Théarmaí Acht Fostaíochta (Faisnéis) 1994 agus polasaithe agus gnáthaimh na Rannóige Acmhainní Daonna.

Nuair a fhaighimid d'fhoirm iarratais, cruthaímid taifead ríomhaire faoi d'ainm, ina mbíonn cuid mhaith de na sonraí pearsanta mar atá luaite agat i d'fhoirm iarratais.

Ní úsáidtear an taifead pearsanta seo ach amháin chun d'iarratas a phróiseáil. Tá tú i dteideal, in am ar bith, cóip den fhaisnéis faoi dtaobh díot féin, atá á coinneáil ar taifead againn, a fháil.

- **Comhroinnt na Faisnéise**

Taobh amuigh den fhoireann earcaíochta iomchuí, ní dhéanfar na sonraí ar d'fhoirm iarratais a chomhroinnt ach d'fhonn an comórtas ar chuir tú isteach air a chur chun cinn in éineacht le Bord gearrliostaithe agus/nó agallaimh ainmnithe.

Más amhlaidh, i ndiaidh an chomórtais, go gcuirtear ar Phainéal thú agus go dtairgtear post duit, beidh na sonraí a chuir tú ar fáil i d'fhoirm iarratais mar chuid den Chomhad Pearsanra s'agat.

Sa bhreis air sin, sa chás go dtairgfí post duit agus go ndearbhófá ina dhiaidh sin gur spéis leat an post, bainfear úsáid as na sonraí ar d'fhoirm iarratais d'fhonn taifid seirbhíse agus teistiméireacht fostaíochta a iarraidh.

- **Tréimhse Stórála**

Coinneofar d'iarratas go ceann dhá bhliain ó dháta bunaithe an phainéil don phost seo. Déanfar iarratais nach gcuirfear ar aghaidh chuig céim an agallaimh a scriosadh i ndiaidh an chomórtais.

Is féidir teacht ar Ráiteas Príobháideachta Chomhairle Contae Dhún na nGall ag: www.donegalcoco.ie